C/2025/445

17.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11809 – ROLLS-ROYCE / CEZ HOLDINGS / ROLLS-ROYCE SMR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/445)

1. An 9 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Rolls-Royce Plc ('Rolls-Royce', an Ríocht Aontaithe),

— CEZ Holdings B.V. ('CEZ', Poblacht na Seice), agus

— Rolls-Royce SMR Limited ('RR SMR', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Rolls-Royce agus CEZ rialú comhpháirteach ar RR SMR de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Rolls-Royce ina chuid den Rolls-Royce Group, arb é a phríomhghníomhaíochtaí innill agus córais chumhachta a fhorbairt agus a mhonarú le haghaidh feidhmeanna sibhialta aeraspáis, cosanta, mara agus giniúna cumhachta, agus

— Tá CEZ Holdings mar chuid de CEZ Group, grúpa fuinnimh Eorpach, a mbaineann a phríomhghníomhaíochtaí le giniúint, trádáil mhórdhíola, dáileadh agus soláthar miondíola leictreachais, trádáil mhórdhíola agus soláthar miondíola gáis nádúrtha, agus soláthar seirbhísí innealtóireachta i ndáil le fuinneamh in-athnuaite.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó RR SMR taighde, forbairt, agus in am trátha úsáid dearaí beaga imoibreoirí núicléacha modúlacha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) OJ C 160, 5.5.2023, p. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11809 – ROLLS-ROYCE / CEZ HOLDINGS / ROLLS-ROYCE SMR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË